CÚIRT BHREITHIÚNAIS
AN AONTAIS EORPAIGH

## PREASEISIÚINT Uimh. 110/24

**Lucsamburg, 11 Iúil 2024**

Breithiúnas na Cúirte i gCásanna Uamtha C-554/21 | HANN-INVEST, C-622/21 | MINERAL-SEKULINE et C-727/21 | UDRUGA KHL MEDVEŠČAK ZAGREB

# An Smacht Reachta: ní mór d'fhoirmíocht na cúirte atá i gceannas ar chás cinneadh a dhéanamh ar thoradh an cháis ina haonar

*Ní mór aon chur isteach míchuí ó dhaoine atá lasmuigh d'fhoirmíocht na cúirte a chur as an áireamh*

Ní mór do shásra inmheánach nóis imeachta atá ag cúirt lena ndírítear ar éagsúlachtaí sa chásdlí a sheachaint nó a leigheas agus – ar an gcaoi sin an deimhneacht dhlíthiúil is gné dhílis de phrionsabal an smachta reachta a áirithiú – na ceanglais maidir le neamhspleáchas na mbreithiúna a chomhlíonadh é féin. ní mór, go háirithe, d'fhoirmíocht na cúirte atá i gceannas ar chás cinneadh a dhéanamh ar thoradh an cháis ina haonar. Ní mór aon chur isteach míchuí ó dhaoine atá lasmuigh d'fhoirmíocht na cúirte a chur as an áireamh.

I gcúirteanna dara céime na Cróite, ní mór aon chinneadh arna ghlacadh ag foirmíocht na cúirte a chur ar aghaidh chuig breitheamh clárúcháin na cúirte lena mbaineann sula meastar gur tugadh go foirmeálta é agus gur féidir é a leathadh ar na páirtithe.

Is é Uachtarán na cúirte lena mbaineann a cheapann an breitheamh clárúcháin. Go bunúsach, tá an chumhacht aige fógairt breithiúnais a chur ar fionraí agus treoracha a thabhairt don fhoirmíocht cúirte a thug an breithiúnas. Ní heol do na páirtithe go ndearna an breitheamh an idiragairt sin ná a ainm.

Mura gcomhlíonann foirmíocht na cúirte a treoracha, féadfaidh breitheamh an chláraitheora a iarraidh go dtionólfar cruinniú rannóige. Féadfaidh lucht an chruinnithe sin 'seasamh dlíthiúil' ceangailteach a eisiúint le haghaidh na bhfoirmíochtaí uile a bhaineann leis an rannóg. Ní mór d'fhoirmíocht na cúirte lena mbaineann, a raibh a plé curtha i gcrích aici cheana féin, i gcás inarb iomchuí, an cinneadh breithiúnach a glacadh roimhe sin a leasú.

Dar leis an gCúirt Achomhairc Tráchtála ón gCróit, bhí údar leis an sásra go dtí anois, d'fhonn áirithiú go mbeadh comhsheasmhacht sa chásdlí. Ach ó tharla go raibh amhras uirthi maidir le comhréireacht an tsásra úd le dlí an Aontais agus go háirithe le prionsabal an smachta reachta [1], d'iarr sí ar an gCúirt Bhreithiúnais soiléiriú a dhéanamh ar an ábhar.

Is é freagra na Cúirte ná go gcuirtear cosc, le dlí an Aontais ,ar an dlí náisiúnta foráil a dhéanamh do shásra inmheánach do chúirt nó binse náisiúnta faoina bhforáiltear

- nach bhféadfar an cinneadh cúirte arna ghlacadh ag foirmíocht na cúirte atá i bhfeighil cáis a sheoladh chuig na páirtithe chun clabhsúr a chur air **ach amháin** má tá a ábhar formheasta ag breitheamh clárúcháin nach cuid d'fhoirmíocht sin na cúirte é;
- go bhfuil sé de chumhacht ag cruinniú rannóige den chúirt sin iallach a chur, trí 'sheasamh dlíthiúil' a eisiúint, ar fhoirmíocht na cúirte atá i bhfeighil cáis ábhar an chinnidh bhreithiúnaigh a ghlac sí roimhe sin a athrú, cé go n áirítear sa chruinniú rannóige sin freisin breithiúna seachas breithiúna na foirmíochta breithiúna sin agus, i gcás inarb iomchuí, daoine lasmuigh den chúirt lena mbaineann nach bhfuil aon deis ag na páirtithe a n argóintí a

chur in iúl os a comhair.

Ciallaíonn an ráthaíocht maidir le rochtain ar bhinse neamhspleách arna bhunú roimhe sin le dlí **gurb é an fhoirmíocht breithiúna atá i gceannas ar chás amháin a dhéanfaidh an cinneadh lena gcuirtear clabhsúr leis na himeachtaí. Ní mór comhdhéanamh fhoirmíochtaí na cúirte a rialú le rialacha trédhearcacha a bhfuil daoine aonair ar an eolas fúthu chun aon chur isteach míchuí ó daoine atá lasmuigh d'fhoirmíocht na cúirte agus nach raibh na páirtithe in ann a n-argóintí a chur ar aghaidh os a comhair a eisiamh.**

Mar sin féin, ceadaítear sásra nós imeachta lena gceadaítear do bhreitheamh cúirte nach suíonn i bhfoirmíocht inniúil na cúirte – chun éagsúlachtaí sa chásdlí a sheachaint nó a leigheas agus ar an gcaoi sin an deimhneacht dhlíthiúil is gné dhílis de phrionsabal an smachta reachta a áirithiú – cás a tharchur chuig foirmíocht mhéadaithe den chúirt sin, ar choinníoll: 1) nach bhfuil cinneadh déanta ag an dlísheomra a ainmníodh ar dtús an cás go fóill maidir leis an gcás, 2) go bhfuil na himthosca ina bhféadfar tarchur den sórt sin a dhéanamh leagtha amach go soiléir sa reachtaíocht is infheidhme agus 3) nach gceileann an tarchur sin ar na daoine lena mbaineann an fhéidearthacht a bheith rannpháirteach sna himeachtaí os comhair fhoirmíocht leathnaithe sin.

**NÓTA:** Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas do chúirteanna agus binsí na mBallstát, i gcomhthéacs díospóid os a gcomhair, ceisteanna maidir le léirmhíniú ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gnímh de chuid na Aontais a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais. Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid náisiúnta. Is faoin gcúirt nó binse náisiúnta atá sé an cás a chinneadh i gcomhréir leis an mbreith ón gCúirt Bhreithiúnais. Tá an bhreith sin ina ceangal, ar an gcaoi chéanna, ar chúirteanna agus binsí náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist chomhchosúil os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear téacs iomlán agus, i gcás inarb infheidhme, achoimre ar an mbreithiúnas ar shuíomh Gréasáin CURIA lá na fógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ✆ (+352) 4303 3355.

**Fanaigí i dteagmháil linn!**

[1] Ar cuid de *inter alia*, an ceart chun cosaint dlí éifeachtach agus an ceart bunúsach chun triail chóir a fháil, neamhspleáchas na mbreithiúna, prionsabal na sáraíochta agus rochtain ar chúirt nó ar bhinse arna bhunú roimh ré le dlí.